

Comhairliúchán Poiblí

**CUIR DO THUAIRIMÍ IN IÚL**

Do Cheantar Áitiúil

**CORCAIGH THIAR LASMUIGH**

# Gréasán bus atá deartha dá bhfuil i ndán do Chorcaigh.

## Ba mhaith linn cluinstin uait.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Project Ireland 2040
*Building Ireland's Future*

BUS CONNECTS CORK
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.


# Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Tá an clár mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030 agus den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 ón Rialtas.


# Cad atá ag tarlú i gCorcaigh?

Is é atá i gceist le clár BusConnects Chorcaí ná naoi mbeart atá ceaptha chun córas bus Chorcaí a athrú ó bhonn. Cabhróidh an clár seo le húsáid an iompair phoiblí a mhéadú go suntasach, rud atá ar cheann de na huaillmhianta atá i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí.

# Cén dóigh a gcuirfear feabhas ar Chóras Bus Chorcaí?




**An gréasán bus a athdhearadh**




**Gréasán nua conairí bus agus lánaí rothar a thógáil**




Córas ticéadaithe úrscothach **a chur chun feidhme**





Córas **íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme**





**Struchtúr táillí níos simplí**




**Libhré nua bus**




**Stadanna agus scáthláin nua bus** a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu




**Láithreacha nua Páirceála agus Taistil** ag príomhláithreacha




Aistriú chuig flít nua **busanna astaíochtaí nialasacha**

# Gréasán Bus Nua do Chathair Chorcaí

Tá Limistéar Cathrach Chorcaí ag fás agus is é an toradh a bheidh ar athdhearadh an ghréasáin bus – bealaí, minicíochtaí agus amchláir – ná go soláthrófar córas bus níos fearr chun freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo na cathrach.

# An Scéal go dtí Seo

I mí Iúil 2021, reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair comhairliúchán poiblí tosaigh ar BusConnects Chorcaí. Thug an comhairliúchán de stíl suirbhé deis do mhuintir Chorcaí cabhrú le gréasán bus nua a mhúnlú trína dtuairimí a chur in iúl faoin dóigh a bhfreastalódh gréasán nua ar gach duine ar an tslí is fearr. Fuarthas beagnach 1200 freagra ar an suirbhé, mar aon le cuid mhór teagmhálacha eile. Chuir na freagraí sin bonn eolais faoin obair chun Dréacht-Ghréasán Bus Nua a dhearadh do Limistéar Cathrach Chorcaí.

# Na tairbhí a bheidh ag baint leis an Dréacht-Ghréasán Bus Nua

- Méadú os cionn aon triain i seirbhísí bus i gCorcaigh.
- Gréasán minic nua a réiteoidh an bealach do líne Luas.
- Agaí feithimh níos giorra agus bealaí níos dírí do chuid mhór daoine.
- Gréasán agus sceidil níos simplí.
- Seirbhísí breise ag an deireadh seachtaine.
- Tiocfaidh méadú 17% ar an líon post atá inrochtana ag an meánchónaitheoir tríd an ngréasán nua.
- Tiocfaidh méadú 17% ar an rochtain atá ag daoine óga ar áiteanna scoile agus tiocfaidh méadú 18% ar an rochtain atá acu ar phoist tríd an gcóras bus athbhreithnithe.
- Beidh tuilleadh cónaitheoirí sa Chathair agus sa Chontae ar an ngréasán iompair phoiblí.

# Faigh Tuilleadh Faisnéise agus Cuir do Thuairimí in Iúl

Is é atá i gceist leis an dara babhta comhairliúcháin phoiblí seo ná do thuairimí a fháil faoi na tograí don ghréasán bus athbhreithnithe. Tugtar sa leabhrán seo mionsonraí faoi na bealaí bus atá beartaithe i do cheantar agus faoi na háiteanna a nascfaidh siad leo.

Chun amharc ar an Tuarascáil iomlán ar an Dréacht-Ghréasán agus chun úsáid a bhaint as an léarscáil idirghníomhach ar líne, tabhair cuairt ar:

**www.busconnects.ie.**

Mar mhalairt air sin, is féidir leat do thuairimí a sheoladh i scríbhinn chuig:


**Dréacht-Ghréasán Bus Nua Chorcaí,**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair,**
**Dún Scéine, Lána Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**

Seol do thuairimí chugainn trí úsáid a bhaint as an bhfoirm aiseolais ar líne ar ár suíomh Gréasáin:

**www.busconnects.ie/busconnects-cork/**


Má theastaíonn uait faisnéis bhreise nach bhfuil ar fáil sa leabhrán seo ná ar an suíomh Gréasáin, seol ríomhphost chuig **corknetwork@busconnects.ie** nó cuir glao ar **1800 303 653**.
Is féidir an dáta deiridh le haghaidh aiseolas a chur isteach a fháil ar an suíomh Gréasáin.

# Taisteal le BusConnects Chorcaí





## Gréasán Nua, uimhreacha nua

Beidh uimhreacha bealaigh úrnua ag BusConnects.




Cad a chiallaíonn sé nuair a thagann dhá bhealach le chéile ar an léarscáil?

## Leanann na craobhacha bealaigh ar aghaidh ag minicíocht níos ísle




## Táillí simplithe

- Clúdóidh an táille seo gach turas bus agus iarnróid a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad.
- Ní bheidh ort táille bhreise a íoc chun busanna a athrú nó chun athrú idir seirbhísí bus agus seirbhísí iarnróid, lena n-áireofar córas Luas amach anseo.




## Cén uair a athróidh an gréasán bus?

Tabharfar an gréasán bus nua isteach le linn 2023/2024. Mar sin, beidh go leor ama agat chun éirí cleachta le do bhealaí nua agus leis na huimhreacha bus nua.


# Bealaí bus i do cheantar áitiúil

| Bealach | Ó | Trí | Go | Minicíocht |
|---|---|---|---|---|
| Croíbhealach 1 | Baile an Chollaigh | Bóthar na Modhfheirme (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) - Bóthar an Choláiste (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) - Sráid Phádraig - Halla na Cathrach - Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh - Bóthar Skehard | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan | Gach 10 nóiméad |
| 1A | Baile an Chollaigh, Bóthar an Chaisleáin | Príomhshráid Bhaile an Chollaigh - Bóthar na Modhfheirme (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) - Bóthar an Choláiste (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) - Sráid Phádraig - Halla na Cathrach - Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh - Bóthar Skehard | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan | Gach 20 nóiméad |
| 1B | Na hUamhanna (Dell EMC) | Príomhshráid Bhaile an Chollaigh - Bóthar na Modhfheirme (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) - Bóthar an Choláiste (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) - Sráid Phádraig - Halla na Cathrach - Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh - Bóthar Skehard | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan | Gach 20 nóiméad |
| Croíbhealach 2 | Bóthar an Churraichín | Bóthar Bhaile an Easpaig - Ospidéal Ollscoile Chorcaí - Bóthar an Iarthair - Sráid Phádraig - Sráid Mhic Curtáin - Seanbhóthar Eochaille | Baile na mBocht | Gach 7.5 nóiméad |
| 2A | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan | Bóthar Bhaile an Easpaig - Ospidéal Ollscoile Chorcaí - Bóthar an Iarthair - Sráid Phádraig - Sráid Mhic Curtáin - Seanbhóthar Eochaille - Cnoc an Teampaill | Gleann Maghair, Ionad na Collchoille | Gach 15 nóiméad |
| 2B | Ospidéal Marymount | Bóthar an Churraichín - Bóthar Bhaile an Easpaig - Ospidéal Ollscoile Chorcaí - Bóthar an Iarthair - Sráid Phádraig - Sráid Mhic Curtáin - Seanbhóthar Eochaille - Bóthar an Bhóthair Bhuí | Cnocán na Fuinseoige | Gach 15 nóiméad |
| Croíbhealach 3 | Bóthar Charraig Uí Leighin-Chill Mhóna | Príomhshráid Charraig Uí Leighin - bealach a athraíonn idir Donnybrook Hill agus Cnoc Maryborough - Sráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Bóthar na hArdeaglaise | Apple | Gach 10 nóiméad |
| 3A | Ionad Cúraim Phríomhúil Charraig Uí Leighin | Bóthar Ferney - Bóthar Chill Mhóna Íochtarach - Príomhshráid Charraig Uí Leighin - Bóthar Maryborough - Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Bóthar na hArdeaglaise | Apple | Gach 20 nóiméad |
| 3B | Ionad Cúraim Phríomhúil Charraig Uí Leighin | Ascaill Fuchsia - Bóthar Chill Mhóna Íochtarach - Príomhshráid Charraig Uí Leighin - Bóthar Bhaile an Réithigh - Donnybrook Hill - Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Bóthar na hArdeaglaise | Apple | Gach 20 nóiméad |
| 4 | Lehenaghmore | Bóthar Pholl an Duibh - Sráid na Faiche - Bóthar Mhic Gréagair - Sráid Phádraig - Cé na gCeannaithe | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 15 nóiméad |
| 5 | Ospidéal Ollscoile Chorcaí | Bóthar Wilton - Crois Victoria - Bóthar na Seanchoille - Apple - Arda na Cille Móire - Bóthar Popham - Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe - Sráid an Droichid - An Stáisiún Bus - Halla na Cathrach - Bóthar Uí Chonghaile - Bóthar an Tóchair - Bóthar an tSáirséalaigh (Seirbhís Lúibe) | Ospidéal Ollscoile Chorcaí | Gach 15 nóiméad |
| 6 | Gort Phroinsias | Bóthar Chionn tSáile - An Nascbhóthar Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Sráid Phádraig - Bóthar an Iarthair | Ospidéal na Trócaire | Gach 15 nóiméad |
| 7 | Mount Oval | Bóthar Bhaile an Róistigh - Bóthar an Gharraí Dhuibh - Cnoc Maryborough - Bóthar Dhúglais Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 20 nóiméad |
| 8 | Grange Road | Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Sráid Phádraig - Bóthar an Iarthair | Ospidéal na Trócaire | Gach 15 nóiméad |
| 9 | Oileán Iacóib | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan - Bóthar Skehard - Céide Beaumont - Bóthar na Páirce Láir - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 20 nóiméad |
| 10 | Ospidéal Ollscoile Chorcaí | Bóthar an Ghlaisín - Bóthar Mhic Gréagair - Sráid Phádraig - Cé na gCeannaithe - Stáisiún an Cheanntaigh - Sráid Mhic Curtáin - An Cuarbhóthar Thuaidh - Bóthar Arda an Ghleanna - Bóthar Bhaile Átha hÚlla - Ascaill an Ghleanna *Rachaidh turais ócáideacha ar aghaidh go Sráidbhaile an Churraichín* | Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe | Gach 30 nóiméad |
| 11 | Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan | Bóthar Rinn Mhachan - Teach Naomh Lúcás - An Dúcharraig - Bóthar na Dúcharraige - An Stáisiún Bus - Stáisiún an Cheanntaigh - Sráid Mhic Curtáin - Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe - Ascaill Pháirc an Aonaigh - Cnocán an Aonaigh Uachtarach - Céide Fhearann na Páirce | Fearann an Rí | Gach 30 nóiméad |
| 12 | Ionad Cúraim Phríomhúil Charraig Uí Leighin | Bóthar Bhun an Tábhairne - Príomhshráid Charraig Uí Leighin - N28 - Baile an Mhanaigh - An Pasáiste - Bóthar Bhaile an Róistigh - Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach **Déanfar turais ócáideacha a ródú trí Chnoc Charraig Mhachan nó trí Scoil Naomh Peadar le linn an lae* | Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad |
| Croíbhealach 13 | Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe | An Nascbhóthar Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 15 nóiméad |
| 13 | Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe | An Nascbhóthar Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 30 nóiméad |
| 13A | Inis Sionnach | Crois na Cúile Móire - An Seanbhaile - Carraig Uí Leighin - Baile Garbháin - Aerfort Chorcaí - Bóthar Chionn tSáile - An Nascbhóthar Theas - Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 60 nóiméad |
| 13B | Cionn tSáile | Béal Guala - Áth an Mhaide - Aerfort Chorcaí - Bóthar Chionn tSáile - An Nascbhóthar Theas - Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 60 nóiméad |
| 14 | Ospidéal Ollscoile Chorcaí | Bóthar Bhaile Uí Shomacháin - Bóthar na Claise Duibhe - Bóthar na Trá Móire - Saoráid Páirceála agus Taistil na Fuinseoige Duibhe - An Cuarbhóthar Theas - Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar an Tobair - Bóthar Skehard - Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan | An tOileán Beag | Gach 30 nóiméad |
| 15 | Ospidéal Naomh Stiofán | Sruthán na Saileach - Gleann Maghair - Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach | Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad |
| 15 L | Cluain Meala | Baile Mhistéala - Mainistir Fhear Maí - Ráth Chormaic - Cnocán na Biolraí - Ospidéal Naomh Stiofán - Sruthán na Saileach - Gleann Maghair - Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach | Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad |
| 16 | Cloch Reo | Teamhair - An Bhlarna - Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe - Sráid Mhic Curtáin | Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad |
| 16 L | Baile an Chollaigh | Carraig Ruacháin - Bóthar Chloch Reo - Cloch Reo - Teamhair - An Bhlarna - Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe - Sráid Mhic Curtáin | Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad |
| 20 | Bessboro | Bóthar Skehard - Bóthar Bhaile an Locha - An Bóthar Theas - Halla na Cathrach | Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad |
| 21 | Lár na Cathrach | Stáisiún an Cheanntaigh - Cnoc an tSamhraidh Thuaidh - Crois an Díolúnaigh - Beairic Uí Choileáin - Crois an Díolúnaigh - Seanbhóthar Eochaille - Ascaill Murmont - Ascaill Cholm Cille - Bóthar an Bháin Duibh - An Cuarbhóthar Thuaidh - Cnoc Bhaile Átha Cliath Íochtarach - Sráid Bhaile Átha Cliath - Sráid Mhic Curtáin (Seirbhís Lúibe) | Lár na Cathrach | Gach 60 nóiméad |
| 30 | Baile na Cora | Mainistir na Corann - Carraig Thuathail - An tOileán Beag - Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach | Lár na Cathrach | Gach 30 nóiméad |
| 31X | Eochaill | Cill Ia - Baile na Martra - Mainistir na Corann **Freastalóidh turais ócáideacha ar an Ard Mór, ar Dhroichead na Scuab agus ar Mhaigh Dhíle* | Lár na Cathrach | Gach 120 nóiméad |
| 32 | Baile Choitín | Garraí Bhoithe - Cluain - Baile na Cora - Mainistir na Corann | Stáisiún Traenach Mhainistir na Corann | Gach 120 nóiméad |
| 33 | Trá Bholgan | An Geata Bán - Baile na Cora - Mainistir na Corann | Stáisiún Traenach Mhainistir na Corann | Gach 120 nóiméad |
| 34 | Currach an Eich Bhuí | Spy Hill - Stáisiún Traenach an Chóibh - Norwood Park - Bóthar an Bhaile Nua - Bád Fartha Tras-Abhann Carrigaloe | Bád Fartha Tras-Abhann Carrigaloe | Gach 30 nóiméad |
| Croíbhealach 40 | Bun an Tábhairne | Carraig Uí Leighin - Rinn an Scidígh | Inis Sionnach | Gach 30 nóiméad |
| 40A | Camden Fort | Bun an Tábhairne - Carraig Uí Leighin - Rinn an Scidígh | Inis Sionnach | Gach 60 nóiméad |
| 40B | Baile Mhontáin | Bun an Tábhairne - Carraig Uí Leighin - Rinn an Scidígh | Inis Sionnach | Gach 60 nóiméad |
| 41X | Inis Sionnach | Rinn an Scidígh - Carr's Hill - An Nascbhóthar Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Buaicuaireanta Amháin |
| 42X | Carraig Uí Leighin | Carr's Hill - An Nascbhóthar Theas - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus | Stáisiún an Cheanntaigh | Gach 60 nóiméad |
| 51 | Cnoc Rátha | Gleann Maghair - Stáisiún an Cheanntaigh | Lár na Cathrach | Gach 120 nóiméad |
| 52 | An Teampall Geal | Carraig na bhFear - Dublin Pike - Sráid Thomáis Dáibhis - Cé na gCeannaithe | Lár na Cathrach | Gach 120 nóiméad |
| 53 | An Bhlarna | Teamhair - Paidhc na gCiarraíoch - Bóthar Radharc an Chuain - Céide Ghleann na Gréine - Bóthar Chúrsa an Uisce - Sráid Mhic Curtáin - Cé na gCeannaithe | Lár na Cathrach | Gach 120 nóiméad |
| 81 | Ionad Cúraim Phríomhúil Charraig Uí Leighin | Príomhshráid Charraig Uí Leighin - Bóthar Maryborough - Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile Dhúglais - Bóthar Dhúglais - Halla na Cathrach - An Stáisiún Bus - Sráid Phádraig - Bóthar an Choláiste (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) - Bóthar na Modhfheirme (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan) - Príomhshráid Bhaile an Chollaigh | Baile an Chollaigh | Gach 30-60 nóiméad Meán Oíche go 5:00 a.m |

*Tá an mhinicíocht ag meán lae léirithe sa tábla. Is féidir go mbeidh seirbhísí níos minice le linn buaicuaireanta. Ní bheidh siad chomh minic céanna ag an deireadh seachtaine/sa tráthnóna.

# Léarscáil de Ghréasán Chorcaí

- An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.



# Léarscáil den Ghréasán i do cheantar - Corcaigh Thiar Lasmuigh

- An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.

